Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2026
(OR. en)

6431/26

LIMITE

UK 27

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0057(NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus (7) agus le hAirteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le díchoilíniú chríoch Ghiobráltar ('Giobráltar'), liostaítear Giobráltar mar 'Críoch Neamh-Féinrialaitheach arna Riar ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann' agus Caibidil XI de Chairt na Náisiún Aontaithe á cur i bhfeidhm.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 774(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') agus i gcomhréir leis an Dearbhú ón gComhairle Eorpach agus ón gCoimisiún maidir le raon feidhme críochach comhaontuithe a bheidh ann amach anseo a áirítear i miontuairiscí chruinniú na Comhairle Eorpaí an 25 Samhain 2018, níl feidhm ag an gComhaontú Trádála agus Comhair maidir le Giobráltar, ná níl aon éifeacht aige sa chríoch sin. Mar a fhoráiltear sa Dearbhú sin, 'ní fhágfaidh sin nach bhféadfar comhaontuithe ar leith a bheith idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i ndáil le Giobráltar' agus, 'gan dochar d'inniúlachtaí an Aontais agus urraim iomlán á tabhairt d'iomláine chríochach na mBallstát, mar a ráthaítear in Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, beidh na comhaontuithe sin faoi réir comhaontú roimh ré ó Ríocht na Spáinne'.

(3) An 31 Nollaig 2020, chuir Ríocht na Spáinne ('an Spáinn') in iúl gur mhian léi go mbunódh an tAontas socrú leathan cothrom i ndáil le Giobráltar bunaithe ar an gcreat polaitiúil a comhaontaíodh idir an Spáinn agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') le haghaidh chomhaontú maidir le Giobráltar.

---

**1** IO L 149, 30.4.2021, lch. 10,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.



PUBLIC

(4) An 5 Deireadh Fómhair 2021, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe le haghaidh comhaontú i ndáil le Giobráltar.

(5) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích an 12 Nollaig 2025. De thoradh na caibidlíochta sin, thángthas ar an gComhaontú i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú').

(6) Ní thugtar le tuiscint leis an gComhaontú, ná le haon ghníomhaíocht a dhéantar ná beart a chuirtear i bhfeidhm nó a dhéantar dá thoradh, go ndéantar aon mhodhnú ar sheasamh dlíthiúil na Spáinne maidir le ceannasacht agus dlínse i ndáil le Giobráltar.

(7) Ós rud é gur de chineál áitiúil iad údaráis Ghiobráltar agus nach bhfeidhmíonn siad ach inniúlachtaí inmheánacha, ba cheart a mheas, mura bhforáiltear a mhalairt go sonrach, go mbeidh na húdaráis sin rannpháirteach i gcur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go heisiach faoi chuimsiú inniúlachtaí inmheánacha Ghiobráltar.

(8) Bunaítear bonn leis an gComhaontú chun deireadh a chur leis na bacainní fisiceacha uile idir an tAontas agus Giobráltar agus cuirtear rathúnas comhroinnte agus dlúthchaidreamh cuiditheach chun cinn i ndáil le Giobráltar agus leis an limistéar máguaird sa Spáinn, lena mbaineann cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghníomhaíochtaí agus nósanna imeachta speisialta.

(9) Baintear na mbacainní fisiceacha idir an tAontas agus Giobráltar gan dochar do fhreagrachtaí na Spáinne maidir lena teorainneacha seachtracha faoi dhlí an Aontais.

(10) Tá an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (TEU), le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais agus leis na seasaimh ón Aontas, arna mbunú ag an gComhairle i gcomhréir leis na Conarthaí, a chur in iúl. Tá an Chomhairle lena feidhmeanna sainithe beartas agus feidhmeanna comhordaitheacha a fheidhmiú, dá bhforáiltear in Airteagal 16(1) CAE, trí na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhair agus sna Coistí Speisialaithe arna mbunú leis an gComhaontú a bhunú. De bhreis air sin, i gcás ina n-iarrfar ar an gComhairle Comhair nó ar na Coistí Speisialaithe arna mbunú leis an gComhaontú gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo a ghlacadh, tá na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhchomhlachtaí sin le bunú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(11) Ba cheart a cheadú do gach Ballstát ionadaí amháin a chur i dteannta ionadaí an Choimisiúin, mar chuid de thoscaireacht an Aontais, i gcruinnithe den Chomhairle Comhair agus de na Coistí Speisialaithe arna mbunú faoin gComhaontú.

(12) Tá Parlaimint na hEorpa le cur go hiomlán ar an eolas láithreach, mar a fhoráiltear in Airteagal 218(10) CFAE, chun go mbeidh sí in ann a sainchumais a fheidhmiú go hiomlán i gcomhréir leis na Conarthaí.

(13) Is féidir leis an Spáinn, ós í an Stát comharsanach Schengen atá i gceannas ar rialú ag teorainneacha seachtracha ag calafort agus aerfort Ghiobráltar, agus tar éis di meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Chuid a Dó den Chomhaontú, maidir le gluaiseacht daoine, a iarraidh ar an Aontas an Comhaontú a fhoirceannadh.

PUBLIC

(14) Ba cheart gurb iad údaráis na Spáinne na húdaráis inniúla laistigh den Aontas chun forálacha an Chomhaontaithe a bhaineann le custam a chur i bhfeidhm. Sa chás eisceachtúil dá dtagraítear i bpointe 2 d’Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 21 a ghabhann leis an gComhaontú, ba cheart gurb iad údaráis Phoblacht na Portaingéile na húdaráis inniúla laistigh den Aontas chun forálacha an Chomhaontaithe a bhaineann le custam a chur i bhfeidhm.

(15) Ba cheart d’údaráis na Spáinne an measúnú ar fheidhmiú na socruithe riaracháin déthaobhacha ábhartha a chur ar fáil, a bheidh mar chuid den mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle Comhair arna bunú leis an gComhaontú ar chur chun feidhme Chuid a Dó den Chomhaontú tar éis tréimhse 4 bliana.

(16) Le feidhmiú cuí an Chomhaontaithe, ceanglaítear ar an Spáinn agus ar an Ríocht Aontaithe plean cur chun feidhme agus socruithe riaracháin áirithe a thabhairt i gcrích. In éagmais an phlean sin agus na socruithe sin, ní féidir na codanna faoi seach den Chomhaontú a chur i bhfeidhm. Ba ghá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir leis na codanna faoi seach den Chomhaontú a chur ar fionraí ar feadh na tréimhse ama ar lena linn a dhéanfaidh Ríocht na Spáinne an plean cur chun feidhme nó na socruithe riaracháin a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh. Chun urraim a thabhairt do shainchumais na Comhairle faoi na Conarthaí, ba cheart don Spáinn an Coimisiún agus an Chomhairle a chur ar an eolas roimh ré agus ba cheart di na tuairimí a cuireadh in iúl a chur san áireamh sula ndéanfar an plean cur chun feidhme nó aon socruithe riaracháin a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

(17) De bhun Airteagal 218(7) CFAE, is iomchuí an Coimisiún a údarú cinneadh a dhéanamh maidir leis na seasaimh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sna Coistí Speisialaithe arna mbunú faoin gComhaontú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm ghníomhartha dlí an Aontais a leathnú chuig an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar, d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, go gcuirfear na gníomhartha dlí sin i bhfeidhm go comhuaineach san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar.

(18) Is iomchuí freisin an Coimisiún a údarú, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, modhnuithe teicniúla áirithe ar an gComhaontú a fhormheas, thar ceann an Aontais. I gcás cinntí eile arna nglacadh ag na Coistí Speisialaithe, ba cheart na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(9) CFAE.

(19) D'fhonn a chur ar chumas an Aontais gníomhaíocht mhear éifeachtach a dhéanamh chun a leasanna a chosaint i gcomhréir leis an gComhaontú, agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha an Chomhaontaithe, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún bearta athchothromaithe agus feabhais a dhéanamh agus a chinneadh oibleagáidí sonracha faoin gComhaontú nó faoi aon chomhaontú forlíontach a chur ar fionraí ar bhealach spriocdhírithe, i gcásanna ina sáraítear forálacha áirithe den Chomhaontú nó i gcásanna nach gcomhlíontar coinníollacha áirithe, go háirithe sna réimsí a bhaineann le saorghluaiseacht daoine, an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, an Státchabhair, an cánachas indíreach agus an trádáil in earraí, agus an t-iompar de bhóthar. Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gComhaontú nó aon chomhaontú forlíontach a chur ar fionraí ina iomláine nó i bpáirt, taobh amuigh d'oibleagáidí sonracha a chur ar fionraí ar bhealach spriocdhírithe, i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE.



PUBLIC

(20) I bhfianaise chás fíorshonrach na Spáinne, arb í an Ballstát comharsanach í agus a bhfuil ról suntasach aici i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe, is iomchuí a fhoráil go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Spáinn sula nglacfaidh sé na cinntí dá dtagraítear sa Chinneadh seo agus sula gcuirfidh sé na tograí iomchuí faoi bhráid na Comhairle.

(21) Aon uair is gá don Aontas gníomhú chun an Comhaontú a chomhlíonadh, ní foláir an ghníomhaíocht sin a dhéanamh i gcomhréir leis na Conarthaí agus teorainneacha na gcumhachtaí a thugtar do gach institiúid de chuid an Aontais á n-urramú. Dá bhrí sin, seachas i gcás ina dtagraíonn an Comhaontú d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí sonracha eile de chuid an Aontais, is faoin gCoimisiún atá sé an fhaisnéis nó na fógraí a cheanglaítear leis an gComhaontú a sholáthar don Ríocht Aontaithe, agus dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir le hábhair shonracha. Is faoin gCoimisiún freisin atá sé ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais os comhair an bhinse eadrána i gcás ina mbeifear tar éis díospóid a chur faoi eadráin i gcomhréir leis an gComhaontú.

PUBLIC

(22) I bhfianaise chineál eisceachtúil, uathúil an Chomhaontaithe, arb é tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas faoi deara é - mar is amhlaidh i gcás an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair - cinneann an Chomhairle, leis seo, úsáid a bhaint, go heisceachtúil, as an bhféidearthacht atá ag an Aontas a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir leis an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar. Ní dochar feidhmiú inniúlacht an Aontais tríd an gComhaontú d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i ndáil le haon chaibidlíocht atá ar siúl nó a bheidh ar siúl sa todhchaí le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta le haon tríú tír eile nó chun na comhaontuithe sin a shíniú nó a thabhairt i gcrích, nó i ndáil le aon chaibidlíocht a bheidh ar siúl sa todhchaí le haghaidh aon chomhaontuithe forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chomhaontú nó chun na comhaontuithe sin a shíniú nó a thabhairt i gcrích.

(23) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, ba cheart an Comhdhearbhú maidir le léirmhíniú ar an gcatagóir daoine atá ag taisteal chun críche gníomhaíocht a dhéanamh ar íocaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 41(2) den Chomhaontú, an Comhdhearbhú Polaitiúil maidir le cur i gcoinne córais cánach dhochracha agus an Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe maidir le hAirteagal 152(1) den Chomhaontú a dhéanamh agus ba cheart an téacs a mhol an Coimisiún do dhearbhú maidir le nascacht iompair de bhóthar Ghiobráltar a fhorlíonadh a fhormheas.

PUBLIC

(24) Trí dheireadh a chur leis na bacainní fisiceacha uile ar ghluaiseacht daoine agus ar ghluaiseacht earraí idir an tAontas agus Giobráltar, cuirfidh an Comhaontú teorainn lena mhéid a chuirfear isteach ar dhaoine aonair, ar ghnólachtaí agus ar pháirtithe leasmhara eile atá ag feidhmiú sa limistéar mar thoradh ar an gCóras Dul Isteach/Imeachta a bheith á chur in úsáid ina iomláine. Ba cheart, dá bhrí sin, é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(25) Tá síniú an Chomhaontaithe a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faoi réir nós imeachta ar leith,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú, a mhéid a bhaineann leis na hábhair seachas na cinn a thagann faoin gConradh ag bunú an Comhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Chomhaontaithe i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin[2+].

*Airteagal 2*

1. Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhair agus sna Coistí Speisialaithe arna mbunú de bhun Airteagail 22 agus 23 den Chomhaontú.

2. Ceadófar do gach Ballstát, agus don Spáinn go háirithe, ionadaí amháin a chur i dteannta ionadaí an Choimisiúin, mar chuid de thoscaireacht an Aontais, i gcruinnithe den Chomhairle Comhair agus de na Coistí Speisialaithe arna mbunú faoin gComhaontú.

---

**2** Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L, …., ELI: ….
\+ Toscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 6829/26 + ADD 1, 2 agus 3 .



PUBLIC

3. Ionas go mbeidh an Chomhairle in inmhe a cuid feidhmeanna ceaptha beartais, comhordúcháin agus cinnteoireachta a fheidhmiú go hiomlán i gcomhréir leis na Conarthaí, go háirithe trí na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhair agus sna Coistí Speisialaithe arna mbunú faoin gComhaontú, áiritheoidh an Coimisiún go bhfaighidh an Chomhairle an fhaisnéis agus na doiciméid uile a bhaineann le haon chruinniú de na comhchomhlachtaí sin nó le haon ghníomhartha atá le glacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn in am trátha roimh an gcruinniú sin nó roimh an úsáid sin de nós imeachta i scríbhinn, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná 8 lá oibre roimh an gcruinniú sin nó roimh an úsáid sin den nós imeachta i scríbhinn.

Cuirfear an Chomhairle ar an eolas go tráthúil freisin faoin bplé a rinneadh ag na cruinnithe den Chomhairle Comhair agus de na Coistí Speisialaithe arna mbunú faoin gComhaontú agus faoin toradh a bhí ar na cruinnithe sin, agus faoi úsáid an nós imeachta i scríbhinn, agus gheobhaidh sí dréacht-mhiontuairiscí agus gach doiciméad a bhaineann le cruinnithe den sórt sin nó úsáid den sórt sin de nós imeachta i scríbhinn.

4. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas, i gcás inarb iomchuí.

PUBLIC

*Airteagal 3*

1. Glacfaidh an Coimisiún na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Coistí Speisialaithe arna mbunú le hAirteagal 23(1) den Chomhaontú a mhéid a bhaineann le cinntí ó na Coistí sin nach ndéanann ach cur i bhfeidhm ghníomhartha dlí an Aontais a leathnú chuig an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar, faoi réir aon choigeartú teicniúil is gá.

2. Glacfaidh an Coimisiún na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Coistí Speisialaithe arna mbunú le hAirteagal 23(1) den Chomhaontú a mhéid a bhaineann le cinntí ó na Coistí sin maidir le modhnuithe teicniúla ar an gComhaontú de bhun Airteagal 75(3), Airteagal 92(3), Airteagal 123(2), Airteagal 125(2), Airteagal 154(3), Airteagal 184(7), Airteagal 257(5) agus Airteagal 283(5), pointí (a) agus (d), den Chomhaontú.

*Airteagal 4*

1. Is i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha an Chomhaontaithe a dhéanfaidh an Coimisiún aon chinneadh ón Aontas maidir leis na bearta seo a leanas faoin gComhaontú a dhéanamh:

(a) cur chun feidhme na n-oibleagáidí a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 67;

(b) bearta athchothromaithe a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagal 198(6);

(c) bearta leighis a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagal 209(3);

(d) an nós imeachta cosanta dá bhforáiltear in Airteagal 249 a úsáid;

(e) cur chun feidhme na n-oibleagáidí i gcomhréir le hAirteagal 252(2) a chur ar fionraí nó na bearta mar a leagtar amach in Airteagal 252(3) iad a chur i bhfeidhm;

(f) bearta leighis a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagal 284.

2. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas go tráthúil go bhfuil sé ar intinn aige aon cheann de na bearta dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh chun gur féidir seisiún tuairimíochta fóinteach a thionól sa Chomhairle. Déanfaidh an Coimisiún na tuairimí a chuirtear in iúl a chur san áireamh go hiomlán. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin, i gcás inarb iomchuí.

3. Féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh lena gcuirfear ar ais na cearta agus na hoibleagáidí faoin gComhaontú mar a bhí siad ann sular glacadh na bearta dá dtagraítear i mír 1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 2.

*Airteagal 5*

Sula nglacfaidh sé aon chinneadh ar bhonn an Chinnidh seo, agus sula gcuirfidh sé aon tograí faoi bhráid na Comhairle i ndáil leis an gComhaontú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Spáinn.

PUBLIC

*Airteagal 6*

1. Cuirfidh an Spáinn an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas sula ndéanfar an plean cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7 den Chomhaontú ('an plean cur chun feidhme') nó na socruithe riaracháin dá dtagraítear in Airteagail 29, 33, 38, 55, 56, 251, 260 agus 265 den Chomhaontú agus sa Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta ('na socruithe riaracháin') a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh chun gur féidir seisiún tuairimíochta fóinteach a thionól sa Chomhairle sula ndéanfar an plean cur chun feidhme nó na socruithe riaracháin a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh. Cuirfidh an Spáinn na tuairimí a chuirfear in iúl san áireamh.

2. Cuirfidh an Spáinn an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas go bhfuil an plean cur chun feidhme nó na socruithe riaracháin curtha ar fionraí nó foirceanta ag an Ríocht Aontaithe.

*Airteagal 7*

Ní dochar feidhmiú inniúlacht an Aontais tríd an gComhaontú d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i ndáil le haon chaibidlíocht atá ar siúl nó a bheidh ar siúl sa todhchaí le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta le haon tríú tír eile nó chun na comhaontuithe sin a shíniú nó a thabhairt i gcrích, nó i ndáil le aon chaibidlíocht a bheidh ar siúl sa todhchaí le haghaidh aon chomhaontuithe forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chomhaontú nó chun na comhaontuithe sin a shíniú nó a thabhairt i gcrích.

PUBLIC

*Airteagal 8*

1. Tabharfaidh an Spáinn fógra don Choimisiún go bhfuil an plean cur chun feidhme agus na socruithe riaracháin i bhfeidhm agus curtha chun feidhme ina n-iomláine.

2. Ar choinníoll gur síníodh an Comhaontú agus go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 336(2) de, cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 15 Iúil 2026, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

3. Tabharfaidh an tAontas fógra don Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar, gur tugadh chun críche na ceanglais agus nósanna imeachta inmheánacha de chuid an Aontais is gá don chur i bhfeidhm sealadach ar choinníoll go mbeidh fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe, i ndáil le Giobráltar, don Aontas, roimh an dáta dá dtagraítear i mír 2, gur tugadh chun críche na ceanglais agus na nósanna imeachta inmheánacha dá cuid is gá don chur i bhfeidhm sealadach.

*Airteagal 9*

1. Leis seo, formheastar na dearbhuithe seo a leanas atá i gceangal leis an gCinneadh seo:

   (a) Comhdhearbhú maidir le léirmhíniú ar an gcatagóir daoine atá ag taisteal chun críche gníomhaíocht a dhéanamh ar íocaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 41(2) den Chomhaontú;

(b) Comhdhearbhú Polaitiúil maidir le cur i gcoinne córais cánach dhochracha;

(c) Comhdhearbhú ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe i ndáil le hAirteagal 152(1) den Chomhaontú.

2. Formheasann an Chomhairle an téacs a mhol an Coimisiún do dhearbhú maidir le nascacht iompair de bhóthar Ghiobráltar a fhorlíonadh.

3. Tugann an Chomhairle dá haire Dearbhú na Ríochta Aontaithe maidir le comhaontú scáthánach idir tíortha comhlacha Schengen agus an Ríocht Aontaithe.

*Airteagal 10*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC